# CAD IS DEAR ANN?

*Cuireann Oideachas Forbartha agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt feabhas ar fheasacht an phobail, scileanna agus rannpháirtíocht ríthábhachtach maidir le forbairt agus ceisteanna a bhaineann léi.*

(Coimisiún Eorpach, 2012)

Le linn daichead bliain ó thosaigh DEAR, thug an clár seo tacaíocht do thionscadail a tharraingíonn aire phobail an AE ar cheisteanna domhanda maidir le forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil. Comhoibríonn DEAR le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESS) agus le húdaráis áitiúla (úA) chun luachanna uilechoiteanna na saoirse, an daonlathais agus riail an dlí  a chur chun tosaigh.

Cuireann an clár seo €30 milliún ar fáil in aghaidh na bliana do thionscadail i mBallstáit uilig an AE agus clúdaítear téamaí chomh hilchineálach le: tomhaltas inbhuanaithe, athrú aeráide, díothú na bochtaineachta, comhionannas inscne chomh maith le hoideachas.

Cuireann tionscadail DEAR ar chumas an phobail Eorpaigh ról dearfach a imirt ar fhorbairt dhomhanda ina saol laethúil féin. Ní miste más múinteoir, oibrí don ógra, tomhaltóir, trádálaí nó táirgeoir tú, is féidir le gach aon duine cur le dálaí maireachtála a fheabhsú do na daoine uilig.

**Is iomaí cruth a bhféadfadh rannpháirtíocht i athrú domhanda a ghlacadh.**

DEAR
DEVELOPMENT EDUCATION AND AWARENESS RAISING

Oideachas Forbartha agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt

**Ag tacú le hathrú domhanda**

## RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL

Tacaíonn DEAR le heolas, scileanna, polasaithe, agus le hiompar a bhailíonn daoine le chéile chun gníomhú ar son leas an phobail. Úsáideann cuid mhór de na tionscadail feachtais eolais phoiblí chun roghanna a bhaineann le stíl mhaireachtála, polasaithe, agus dlúthpháirtíocht a chur chun tosaigh. Is trí DEAR a fhoghlaimíonn daoine faoin tionchar a imríonn a roghanna mar chustaiméirí ar an chomhshaol agus ar chomhphobail i dtíortha i mbéal forbartha.

## OIDEACHAS

Tacaíonn DEAR le tionscadail i réimsí oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Cuimsítear gníomhaíochtaí ar nós: forbairt curaclaim, oiliúint múinteoirí, obair don ógra, agus forbairt phobail. Spreag tionscadail DEAR comhoibriú idir institiúidí oideachais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta; faoi láthair, tá forbairt oideachais mar chuid den churaclam oifigiúil scoile i gcuid mhór de thíortha an AE. Chomh maith leis sin, chruthaigh tionscadail DEAR líonraí mac léinn agus daoine óga ar fud an AE a chomhoibríonn le chéile ar thopaicí a fhorbairt.

## MÚSCAILT FEASACHTA

Músclaíonn DEAR feasacht san Eoraip maidir le polasaithe forbartha. Feidhmíonn na spriocanna forbartha inbhuanaithe 2030 (SFI) mar an bun nua óna dtarraingítear na topaicí seo agus cuirtear ar fáil don phobal Eorapach iad. Feidhmíonn SFI mar chreat, ar ar aontaíodh go huilechoiteann, a bhailíonn na tíortha uilig agus na daoine le chéile chun deireadh a chur le gach uile chruth na bochtaineachta, dul i ngleic le neamhionannas agus le hathrú aeráide. Cuimsíonn aidhmeanna na dtionscadal DEAR, i measc na rudaí eile, déileáil choir na n-oibrithe agus ceart atá ag gach uile duine chun slí bheatha a dhéanamh go sábháilte agus go heiticiúil; cearta na dtomhaltóirí ionas go mbeidh torthaí inbhuanaithe a táirgeadh go heiticiúil ar fáil dóibh; cearta na gcomhphobal chun a gcomhshaol féin agus acmhainní nádúrtha a bhainistiú agus a chosaint.

## IS É DEAR – CLÁR AN AE

...a chuireann feasacht phobal an AE, tuiscint chriticiúil ar a ról agus ar a fhreagracht i sochaí neamhspleách agus domhanda chun cinn. Tacaíonn sé le rannpháirtíocht ghníomhach in iarrachtaí domhanda chun deireadh a chur le bochtaineacht agus ceart a chur chun cinn chomh maith le cearta daonna agus forbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíoch i dtíortha comhpháirtíochta.

## Daichead bliain d'oideachas forbartha

Óna seachtóidí, d'imir an clár DEAR tionchar ar fheasacht an phobail ar fhorbairt na n-ábhar atá bainteach léi. Baineann cuid acu le príomhshruthú na trádála cóire; le hábhar na forbartha a chur isteach i gcláir scoileanna, agus le slabhraí soláthair a fheabhsú sa slí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Chómhaoinigh DEAR na tionscadail a leagann béim ar thábhachtach an fhuinnimh in-athnuaite ar son laghdú na bochtaineachta agus forbartha inbhuanaithe; ar cheist an fhostaithe páistí i dtíortha i mbéal forbartha; ar chuimsiú sóisialta na mban, shláinte mháthartha agus chearta na mban.

capacity4dev.ec.europa.eu/dear-programme

# DEAR

European Commission

DEVELOPMENT EDUCATION AND AWARENESS RAISING

Oideachas Forbartha agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt

**Ag tacú le hathrú domhanda**

«Is muidne an comhphobal domhanda, táimid uilig nasctha le chéile»

Rannpháirtí ag Aonach DEAR 2015

«Is é an rud is tábhachtaí ná #saoránaighAE a ghníomhú chun #SFI a bhaint amach»

Coimisinéir Neven Mimica, Aonach DEAR 2015